**A ndúirt an tUachtarán Metsola ag an gComhairle Eorpach**
***Déardaoin, an 26 Deireadh Fómhair 2023***

Go raibh maith agat, a Charles.

Dia daoibh go léir.

Is cúis mhór imní fós an t-ionsaí sceimhlitheoireachta in Iosrael, an ghéarchéim dhaonnúil i nGaza agus an teannas sa Mheánoirthear i gcoitinne. Tá ionsaithe sceimhlitheoireachta Hamas ina scamall ar an réigiún go léir. Chonaic mé féin é nuair a chuaigh mé chuig suíomhanna na n-ainghníomhartha agus nuair a bhuail mé leo siúd a tháinig slán agus iad faoi bhrón. Tá a fhios agam go raibh go leor agaibhse ann freisin.

Ní féidir aon dealramh ná aon údar a bheith le holl-éigniú, fuadach, céasadh agus dúnmharú pobal iomlán, páistí, ban, fear, nó daoine óga ag cóisir. Ionsaí sceimhlitheoireachta a bhí ann, agus is eagraíocht sceimhlitheoireachta, atá beo ar an bhfuath, a rinne. Tá sé tábhachtach é sin a aithint.

Agus tá sé tábhachtach freisin a thuiscint nach ionann Hamas agus aidhmeanna dlisteanacha mhuintir na Palaistíne. Ach gur bac ar na haidhmeanna sin é.

Cháin Parlaimint na hEorpa Hamas sna téarmaí is láidre is féidir. Tá a fhios againn go gcaithfear stop a chur le Hamas. Agus chuireamar i bhfios gur cás linn go léir an chaoi a ndéanfar é sin. Is cinniúnach anois a bheidh freagairt Iosrael.

Mar Pharlaimint, bhíomar i gcónaí ag éileamh go léireofaí urraim ar an dlí idirnáisiúnta, go dtabharfaí tús áite do na hiarmhairtí daonnúla a bhaineann le stop a chur le Hamas agus gur ghá go rachadh an cúnamh chomh fada leis na daoine soineanta atá i ngátar, agus leanfaimid orainn den mhéid sin a éileamh.

Bíonn daoine ag dréim leis freisin go leanfadh an Eoraip de ghníomhú agus an ghéarchéim ainsrianta ag titim amach, ar géarchéim í ina bhfuil an iomarca daoine á gcailleadh agus an iomarca páistí á bhfágáil ina ndílleachtaí.

Mar Aontas, tá sé de dhualgas orainn a bheith stuama agus aontaithe i gcónaí. Agus ní hionann sin agus tacú le breis básanna agus foréigin, ach géarú dainséarach ar an gcomhlint sa réigiún a sheachaint. Ní mór léaró dóchais a bheith ann go mbainfear síocháin amach ar deireadh.

Níl dóchas ar bith ag Hamas as an tsíocháin; ní dhéanann sé ach fuil a dhoirteadh. Tá aon dóchas don tsíocháin curtha siar na blianta, nó na scórtha bliain fiú amháin, ag a chuid gníomhaíochtaí gránna. Gach lá a fhanann 200 giall ina bpríosúnaigh ag Hamas, táimid lá níos faide ar shiúl ón tsíocháin. Agus caithfimid féachaint freisin ar ról réimeas na hIaráine sa réigiún.

Caithfidh mé a chur i dtreis freisin nach bhfuil sé comheisiach seasamh láidir a ghlacadh i gcoinne na sceimhlitheoireachta, mar is gá dúinn a dhéanamh, agus gach iarracht a dhéanamh chun an ghéarchéim dhaonnúil i nGaza a mhaolú, mar is gá dúinn a dhéanamh.

Sin an fáth a bhfuilimid ag tabhairt faoi gach is féidir a dhéanamh chun saol daoine soineanta a chosaint. Sin an fáth a n-oibrímid chun gialla a shaoradh agus cabhair a chur ar fáil agus an fáth ar iarr Parlaimint na hEorpa sos daonnúil chun é sin a bhaint amach. Sin an fáth ar chuireamar fáilte roimh an gcabhair dhaonnúil a bheith á méadú faoi thrí ag an gCoimisiún Eorpach.

Is é sin atá romhainn láithreach. Ar bhonn níos fadtéarmaí, ba cheart don Eoraip a bheith réidh agus toilteanach gníomhú. Caithfimid leanúint de bhrú ar son na síochána inbhuanaithe agus marthanaí. Ar son réiteach dhá stát atá cothrom agus cóir. Tá ról ann don Eoraip agus tá sé de dhualgas orainn a bheith inchurtha leis.

Agus bíodh is go bhfuil an méid atá ag tarlú sa Mheánoirthear ina chúis mhór bhuartha dúinn, caithfimid dul i ngleic freisin le saincheisteanna práinneacha agus réaltachtaí geopholaitiúla eile. Beidh ionradh brúidiúil leanúnach na Rúise ar an Úcráin, an méid a tharla sa Nagarna-Carabaic, an teannas sna Balcáin, daonlathas na Bealarúise atá fós faoi ionsaí, agus an ról atá againn i leith na Síne, na hIndia agus an chaidrimh Thrasatlantaigh, beidh siad sin ar fad ina gcreat don chaoi a rachaidh an tAontas Eorpach in oiriúint dár n-áit sa domhan nua seo.

Conas is féidir linn aghaidh a thabhairt ar ábhair imní faoin tslándáil agus faoin imirce? Conas is féidir linn ár n-iomaíochas sa domhan agus ár rathúnas sa bhaile a áirithiú? Cad is gá don Eoraip a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh sárchumhacht aici i gcónaí ar a cuid luachanna agus go mbeidh sí in ann freagairt d'ábhair imní na saoránach?

An tseachtain seo caite, labhair Príomh-Aire na hAirméine, Nikol Pashinyan, sa Pharlaimint faoi dhul in olcas cúrsaí sa Nagarna-Carabaic le déanaí. Rinne sé cur síos ar an gcaoi a ndéanann an Airméin bainistiú ar insreabhadh dídeanaithe agus chuir sé in iúl gur cúis imní dó slándáil an réigiúin. Ní gan dua atá an bealach i

dtreo na síochána, ach táimid dóchasach go mbeifear in ann leanúint de chainteanna fiúntacha go luath.

Ag an am céanna, tá ionradh neamhdhleathach na Rúise ar an Úcráin fós faoi seoil. Tá an Chreimil ag brath ar dhul i léig ár dtacaíochta, ach ní féidir linn géilleadh don tuirse agus ní ghéillfimid di.  Leanfaidh ár dtacaíocht dhaonnúil, lóistíochta, mhíleata, atógála agus pholaitiúil ar aghaidh.

I gceann cúpla seachtain, tíolacfaidh an Coimisiún a phacáiste um méadú, ar pacáiste é a bhfuiltear ag súil leis. Is díol suntais é tiomantas na hÚcráine athchóirithe daonlathacha a chur chun feidhme agus na moltaí ón gCoimisiún a chur i gcrích. Mar sin, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, tá súil agam i gcónaí go bhféadfar comhaontú a bhaint amach faoi dheireadh na bliana chun tús a chur le cainteanna aontachais idir an tAontas agus an Úcráin, agus go bhféadfar amhlaidh a dhéanamh leis an Moldóiv agus an tslat tomhais chéanna in úsáid.

Is ionann dearcadh soiléir Eorpach a thabhairt dár gcomharsana Eorpacha agus na cuspóirí atá beartaithe a bhaint amach. Ach fad is atá an Úcráin, an Mholdóiv agus na Balcáin Thiar i mbun athchóiriú agus ag ullmhú do na chéad chéimeanna eile, ní mór don Eoraip a bheith ag fáil faoi réir chun amhlaidh a dhéanamh. Tá sé seo ag éirí criticiúil. Ní féidir go bhfaighfear easnamhach muid.

Caithfimid leanúint freisin de thacú le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú na hÚcráine. Is ionann sin agus a rá go gcaithfear teacht ar chomhaontú maidir le Saoráid nua na hÚcráine, ar fiú EUR 50 billiún í agus ar caitheadh vóta an tseachtain seo caite i bParlaimint na hEorpa uirthi. Mar Aontas, tá aontacht thar na bearta léirithe againn a mhéid a bhaineann leis an Úcráin, agus táim cinnte go leanfar de sin.

Téann sé seo in éineacht leis an ngá atá le hathchóiriú a dhéanamh ar ár gCreat Airgeadais Ilbhliantúil. Más mian linn gur buiséad fiúntach sainoiriúnaithe a bheidh i mbuiséad 2024, caithfidh acmhainní leordhóthanacha a bheith againn. Chun na hacmhainní sin a bhaint amach, caithfear teacht ar chomhaontú maidir le hathbhreithniú ar CAI a luaithe is féidir.

Mar atá, tá teorainn lenár n-acmhainní. Bhí a dtionchar féin ag an bpaindéim, ag ionradh na Úcráine, ag an athrú aeráide, ag an ngéarchéim fuinnimh agus ag an ngéarchéim maidir le costas maireachtála. Leis an méadú atá ag teacht ar rátaí úis, tá ardú tagtha ar na costais iasachtaíochta atá againn faoi NextGenerationEU. Is é bun agus barr an scéil ná go bhfuil brú as cuimse ar bhuiséad an Aontais.

Caithfimid a chinntiú go ndéanfar ár dtosaíochtaí a mhaoiniú go leordhóthanach. Táimid ar fad ar aon intinn gur gá aghaidh a thabhairt ar an tslándáil agus ar an imirce, leanúint de thacaíocht a thabhairt don Úcráin, agus níos mó airgid a infheistiú sna Ballstáit atá thíos le tubaistí nádúrtha, agus é sin ar fad a dhéanamh go tapa agus go héifeachtach. Agus dlúthpháirtíocht agus tacaíocht á lorg ag na Ballstáit, is ansin go díreach ba cheart dúinn a bheith ann dóibh.

Ní mór dúinn na hacmhainní airgeadais is gá a bheith mar thaca lenár gcuid focal chun go bhféadfaimid iad a chur chun feidhme — agus bíodh sé ráite agam anseo gur gá tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le tabhairt isteach Acmhainní Dílse nua, a chomhaontaíomar cheana féin in 2020.

Is é an buiséad an t-íosmhéid is gá chun maoiniú a chur ar fáil do mhuintir na hEorpa — dár bhfeirmeoirí, dár mic léinn, dár ngnólachtaí agus dár réigiúin — ar mian leo infheistiú, nuáil, nuachóiriú agus forbairt a dhéanamh ar Eoraip atá iomaíoch ar an leibhéal domhanda. Is mar sin a ghinfimid fíorfhás eacnamaíoch inbhuanaithe. Is é sin a theastaíonn chun ár n-iomaíochas a chothú.

Más mian linn gurb inchreidte a bheidh a ndeir muid faoina bhfuil uainn a dhéanamh, tá gá againn le comhaontú. Ní haon chabhair a bheidh sa chur siar.

Ba mhaith liom cúpla focal a rá freisin faoi ábhar eile nach féidir a chur siar, is é sin an imirce. Is léiriú iad na himeachtaí a tharla le déanaí agus an méadú atá tagtha ar líon na n-iarrthóirí tearmainn ar iarmhairtí an bheartais ilroinnte atá againn faoi láthair maidir le tearmann agus imirce.

Ba cheart go mbeadh sé ar bharr na n-ábhar plé againn filleadh a dhéanamh níos éifeachtaí trí iarratais ar thearmann a phróiseáil níos tapúla, feabhas a chur ar na módúlachtaí maidir le filleadh, agus cur le comhordú agus comhar oibríochtúil níos dlúithe idir na Ballstáit, tríú tíortha, agus institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais. Ní mór deireadh a chur le lúba ar lár idir cinneadh diúltach tearmainn agus cinneadh um fhilleadh. Is féidir é sin a bhaint amach tríd an Rialachán maidir le Nós Imeachta Teorann. Caithfear tuilleadh a dhéanamh, i dteannta a chéile, chun dul chun cinn a dhéanamh ar ghnéithe uile an Chomhshocraithe maidir le hImirce, chun a chinntiú go mbeidh sé seo ina cheart againn faoi dheireadh an tsainordaithe reachtaigh reatha.

Féachfaidh daoine chugainne beart a dhéanamh de réir a mbriathair sula gcaithfidh siad féin vóta i mí an Mheithimh seo chugainn. Tá a fhios agam go n-éireoidh linn agus bíodh a fhios agaibh go bhfuil an Pharlaimint toilteanach agus ullamh chun ár bpáirt a ghlacadh.